2025/851

6.5.2025

CINNEADH (AE) 2025/851 ÓN gCOMHAIRLE

an 14 Aibreán 2025

maidir le a tabhairt i gcrích thar ceann an Aontais an Chomhaontaithe idir Ceanada agus an tAontas i ndáil le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí a aistriú agus a phróiseáil

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 16(2) agus Airteagal 87(2) , pointe (a), i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2024/2891 ón gComhairle ([2]), an 4 Deireadh Fómhair 2024 síníodh an Comhaontú idir Ceanada agus an tAontas Eorpach maidir le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí a aistriú agus a phróiseáil ('an Comhaontú'), faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(2) Foráiltear leis an gComhaontú sonraí taifead ainmneacha paisinéirí a aistriú chuig Ceanada chun coireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

(3) Áirithítear leis an gComhaontú go dtabharfar lánurraim do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, mar atá léirmhínithe ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, go háirithe an ceart go ndéantar an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh a urramú, an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, agus an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach cothroime mar a aithnítear in Airteagail 7, 8 agus 47 de, faoi seach. Go háirithe, áirítear sa Chomhaontú coimircí leordhóthanacha chun sonraí pearsanta arna n-aistriú faoi a chosaint.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag Éirinn, le litir an 25 Aibreán 2024, gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo.

(5) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(6) Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a Thuairim 15/2024 uaidh an 29 Aibreán 2024.

(7) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas.

(8) I gcomhréir leis na Conarthaí, ba cheart don Choimisiún na fógraí dá bhforáiltear in Airteagal 31 den Chomhaontú a dhéanamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheastar leis seo, thar ceann an Aontais, an Comhaontú idir Ceanada agus an tAontas Eorpach i ndáil le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí a aistriú agus a phróiseáil ([3]).

([1]) Toiliú an 12 Márta 2025 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
([2]) Cinneadh (AE) 2024/2891 an 13 Meitheamh 2024 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir Ceanada agus an tAontas Eorpach maidir le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí a aistriú agus a phróiseáil (IO L, 2024/2891, 14.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2891/oj).
([3]) Foilsítear téacs an Chomhaontaithe in IO L, 2025/841, 5.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2025/841/oj.

Airteagal 2

Rachaidh an Coimisiún ar aghaidh, thar ceann an Aontais, chun an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 31 den Chomhaontú a thabhairt, chun toiliú an Aontais a bheith faoi cheangal ag an gComhaontú a chur in iúl ([4]).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 14 Aibreán 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

([4]) Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.